

Fáilte


A chomhghleacaithe, a chairde, fáilte romhaibh chuig Nuachtlitir na Samhna againn. Tá súil againn go gcabhróidh na pointí leat, le linn na míosa seo, atá curtha anseo againn. Ná bíodh aon leisce ort teagmháil a dhéanamh linn má bhíonn aon cheist agat faoi ghné ar bith den tSraith Shóisearach i do scoil.

Múinteoir Uaireanta Bainistíochta Acmhainní / Comhordaitheoir Pobal Cleachtas na Sraithe Sóisearaí

Go raibh maith agaibh go léir as freastal ar ár nImeacht Foghlama Ar Líne, "Pleanáil Straitéiseach do phearsanra UBA: Plé machnamhach ar an mbealach is fearr chun comhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm chlár na Sraithe Sóisearaí dá scoil". D'fhreastail os cionn 130 múinteoir air. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le lucht ár bpainéil as an méid a chuir siad leis an ócáid agus go háirithe as a dtaithí ar a ról mar Mhúinteoir Bainistíochta Acmhainní nó mar Chomhordaitheoir na Sraithe Sóisearaí ina scoil a roinnt. I measc ár bpainéalaithe bhí: Patricia Knightly, Príomhoide Choláiste Pobail Naomh Fionnán i Sord agus na múinteoirí Uaireanta Bainistíochta Acmhainní seo a leanas: Samantha Forbes ó Choláiste Pobail Naomh Fionnán i Sord, Caroline Lambden ó Iar-Bhunscoil Naomh Oilibhéar sa Seanchaisleán agus Patricia Farrell ó Choláiste na hInse i mBaile an Bhiataigh. Tá ár gcéad chruinniú eile den phobal cleachtas á phleanáil againn faoi láthair a bheas bunaithe ar aiseolas ó na rannpháirtithe a d'fhreastail.


Seimineár Gréasáin TFSS: Réamhrá ar Thacaíocht le Forfheidhmiú na Sraithe Sóisearaí (TFSS)

Mar chuid d'Imeacht Foghlama ar Líne an Fhómhair (IFL) de chuid SSM a tionóladh i mí Dheireadh Fómhair 2021, d'óstáil Foireann TFSS seimineár gréasáin inar thug siad breac-chuntas ar an gcaoi a gcabhróidh foireann TFSS leis an scoil agus iad ag machnamh ar an áit a bhfuil siad i dtéarmaí chur i bhfeidhm na sraithe sóisearaí acu agus trí dhírú ar chéimeanna agus ar thionscnaimh bhreise a chabhróidh le scoláirí na sraithe sóisearaí i dtaca le teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú. Tá taifeadadh an tSeimineáir Ghréasáin seo le TFSS ar ár láithreán gréasáin **anseo**.



Seimineár Gréasáin Ceannaireachta ar Threoirlínte Nuashonraithe Folláine CNCM (2021)

D'óstáil foireann Cheannaireachta SSM seimineár gréasáin le déanaí a bhí ina phlé uair an chloig ag díriú ar Threoirlínte nuashonraithe Folláine CNCM (2021). Áiríodh sa phlé nuashonruithe ar na treoirlínte agus na himpleachtaí do cheannairí scoile agus iad ag pleanáil do chlár Folláine na Sraithe Sóisearaí a bheas éifeachtach agus ábhartha, ó 2022 ar aghaidh. Ba iad seo a leanas na haíona painéil: Annette Honan, Oifigeach Oideachais CNCM, Leas-Phríomhoide Marguerite O'Hora, Coláiste Dhoimniceach, Baile Átha Cliath, Ciara Byrne Ceannaire Foirne, Tacaíocht OSPS agus Thomas Gleeson Ceannaire Foirne, Tacaíocht OSSP. Tá taifeadadh den seimineár gréasáin ar fáil **anseo**.



Nuachtlitir SSM, JCToday

Tá an t-eagrán is déanaí dár Nuachtlitir JCToday ar fáil le feiceáil **anseo**. Tá fócas téamach san eagrán seo ar phríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí le béim ar an gcaoi ar féidir na hocht bpríomhscil a idirghabháil i seomra ranga na sraithe sóisearaí. Tugtar naisc chuig acmhainní oiriúnacha thar réimsí éagsúla curaclaim lena n-áirítear Béarla, Amharc-Ealaín, NTI agus Oideachas Reiligiúnach gan ach cúpla ceann a lua.



Dátaí atá le teacht Cnuaslaethanta FGL Ábhar ar Líne

Beidh Cnuaslaethanta ar Líne SSM ar siúl idir Eanáir agus Márta 2022. Tá suas le sé cheardlann dhéag á gcur ar fáil mar chuid de chnuaslá FGL na n-ábhar i mbliana.

*Cuirfear Teicneolaíocht Fheidhmeach, Grafaic, OSSP agus OSPS ar fáil astu féin do na cnuaslaethanta ar líne seo

Laethanta FGL ar Líne d'OSPS agus OSSP na Sraithe Sóisearaí

Tá an SSM ag tabhairt deis do na múinteoirí sin a bheas ag múineadh shonraíochtaí Gearrchúrsa OSPS agus OSSP freastal ar a gceardlann FGL ar líne 2021/2022 níos luaithe ná mar is gnách sa scoilbhliain seo. Beidh na ceardlanna lae ar líne seo ar siúl le linn mhí na Nollag 2021. Iartar ort sonraí do mhúinteoirí OSPS agus OSSP a chlárú do na ceardlanna seo trí na cnaipí gorma ar phainéal ár láithreáin chlárúcháin www.jctregistration.ie faoin Aoine, 12 Samhain 2021. Tabhair do d'aire, le do thoil, go mbeidh beirt mhúinteoirí ar a mhéad á nglacadh againn ó gach scoil (do gach ceann den dá ábhar OSPS agus OSSP). Moltar go dtabharfaí tús áite do mhúinteoirí a d'fhreastail ar ár gceardlanna OSPS agus OSSP sna blianta roimhe seo, má tá siad fós ar d'fhoireann, chun freastal ar na ceardlanna seo atá le teacht. Is chun leanúnachas tuisceana agus cleachtas a chinntiú a dhéantar é sin.

An tSraith Shóisearach – Teicneolaíocht Adhmaid, Teicneolaíocht Fheidhmeach, Grafaic, Innealtóireacht, Léann Claiseacach, Oideachas Reiligiúnach agus Léann Giúdach – An Scrúdú Cinn Chúra – Páipéir Shamplacha


Is iad seo a leanas na hábhair nua sa tSraith Shóisearach a bheid á scrúdú den chéad uair in 2022: Teicneolaíocht Adhmaid, Teicneolaíocht Fheidhmeach, Grafaic, Innealtóireacht, Léann Claiseacach, Oideachas Reiligiúnach agus Léann Giúdach (leibhéal comónta).

Tá scrúdpháipéir shamplacha ullmhaithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus tá cóip de gach scrúdpháipéar samplach le fáil ar shuíomh idirlín CSS ag an seoladh www.examinations.ie

Tugann na páipéir shamplacha treoir faoi struchtúr na measúnachta agus faoina bhfuil i gceist inti de réir shonraíocht na n-ábhar. Is féidir cóipeanna breise a íoslódáil ó shuíomh gréasáin CSS ag www.examinations.ie

Múinteoirí a Chlárú do Chnuaslaethanta Ábhair 2021/2022

Cuireadh ríomhphost le déanaí d'fhísghabháil scáileáin ina ndírítear ar shonraí múinteoirí a thabhairt cothrom le dáta chuig gach teagmháil scoile UBA de réir na sonraí a cuireadh isteach i dtairseach chlárúcháin SSM gach scoile. Is féidir breathnú ar an bhfísghabháil scáileáin freisin trí chliceáil anseo.



Foireann Tacaíochta le Feidhmiú na Sraithe Sóisearaí (TFSS)

Tacaíocht le Feidhmiú na Sraithe Sóisearaí Ceannairí Foirne agus Réigiúin
2021 / 2022

Arlene W. Elliott
DUBLIN
Tel: 01 272 2341

Stáibín Ó Cúinnín
SOUTH EAST
Tel: 087 295 9837

Arlene W. Elliott
SOUTH WEST
Tel: 087 295 9837

Arlene W. Elliott
WEST
Tel: 087 295 9837

Arlene W. Elliott
NORTH WEST
Tel: 087 295 9837

Arlene W. Elliott
NORTH EAST
Tel: 087 295 9837

Arlene W. Elliott
CENTRAL
Tel: 087 295 9837

© Ionaid Oideachais Lánleasratha ★ Reiligiún

www.jct.ie @JCFforTeachers

Arís, i mbliana, d'fhéadfadh scoileanna lá amháin a ghlacadh do pheanáil scoile uile na Sraithe Sóisearaí agus don fhéinmheastóireacht scoile. Tá foireann nua bunaithe ag SSM, ár bhfoireann Tacaíochta le Feidhmiú na Sraithe Sóisearaí (TFSS), a chuirfidh leis an obair a rinne ár bhfoireann FGL don scoil uile sna blianta roimhe seo trí eispéireas FGL níos saincheaptha a éascú do scoileanna. Beidh an fhoireann seo, a bheas ag feidhmiú i seacht réigiún ar fud na tíre, ar fáil le bheith ag obair le scoileanna ó mhí na Samhna 2021. Is féidir le scoileanna anois a n-ionchur sa lá pleanála don scoil uile agus don fhéinmheastóireacht scoile a chur in áirithe don tréimhse tar éis mhí na Samhna 2021 trí theagmháil a dhéanamh lena gCeannairí Foirne TFSS ábhartha. Déanfaidh foireann TFSS iarracht freastal ar an oiread scoileanna agus is féidir sa chuid eile den scoilbhliain reatha.

Plean Gníomhaíochta mhí na Samhna (Nithe le déanamh)

- ⇒ Téigh i gcomhairle le múinteoirí / Foireann Cheannaireachta Shinsearach
- ⇒ Cláraigh sonraí na múinteoirí i do scoil le haghaidh bhur gCnuaslá Ábhair atá le teacht (is féidir an dáta seo a fháil ar Thairseach Chlárúcháin SSM do scoile)
- ⇒ Cinntigh go bhfuil seoltaí ríomhphoist scoile na múinteoirí ceart
- ⇒ Seiceáil le haghaidh earráidí litrithe (ainmneacha / seoltaí ríomhphoist na múinteoirí)
- ⇒ Idirphlé a dhéanamh le múinteoirí OSSP / OSPS faoi FGL OSPS agus OSSP na Sraithe Sóisearaí ar Líne i mí na Nollag 2021 (seoladh litir chuig scoileanna i mí na Samhna 2021) Má bhíonn deacartaí agat, beidh na sonraí teagmhála seo a leanas úsáideach:

Tacaíocht chlárúcháin: info@jct.ie

Le dea-mhéin,
Foireann TFSS